



**etb**

Bord Oideachais agus  
Oiliúna Dhún na nGall  
*Donegal Education and  
Training Board*

# **An Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall Beartas um Nochtadh Leasa**

**Lúnasa 2022**

## **CLÁR ÁBHAIR**

---

Cúlra.....	3
Sainmhíniú ar Leas.....	3
Nósanna Imeachta do Chruinnithe Boird an ETB.....	3
Nochtadh Leasa ag Comhaltaí Boird de réir an Chóid	
Chleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna.....	3

## 1. Cúlra

Deir alt 5a den Chód Iompraíochta, nach mór doiciméad beartais maidir le nochtadh leasa a chur ar fáil do gach comhalta Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall (ETB). Chun sláine agus trédhearcacht leanúnach a áirithiú agus chun imní an phobail nó cailliúint muiníne a sheachaint, ní mór do Bhord an ETB a chinntiú go bhfuil beartais chuí i bhfeidhm ionas go ndéanfaidh na comhaltaí cinntí go hoibiachtúil agus go dtógtar céimeanna chun aon choinbheachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann, bíodh siad iarbhair nó braite, a sheachaint nó déileáil leo.

## 2. Sainmhíniú ar Leas

Tá feidhm ag forálacha mhír 20 de Sceideal 3 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 i gcás ina bhfuil leas airgid nó leas tairbhiúil eile ag comhalta in aon cheann de na nithe seo a leanas a eascraíonn ag cruinniú boird, nó atá ábhartha maidir leo:

- a) socrú a bhfuil an bord ina pháirtí ann,
- b) socrú a mbeartaíonn an bord a bheith ina pháirtí ann,
- c) conradh nó comhaontú eile leis an bhord, nó
- d) conradh beartaithe nó comhaontú eile leis an bhord

## 3. Nósanna Imeachta do Chruinnithe Boird an ETB

De réir an Achta ETB, 2013: Sceideal 3(10), 3(11), 3(12), Ní mór do chomhaltaí DETB foirm nochtadh coinbheachta leasa a shíniú agus an Cathaoirleach a chur ar an eolas faoi aon nochtadh nó coinbheacht leasa ag tús gach cruinnithe boird. I gcás ina nochtar leas, déanfar an nochtadh a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe lena mbaineann agus, fad a bheidh an t-ábhar lena mbaineann an nochtadh á phlé ag an chruinniú, ní bheidh an comhalta den bhord a dhéanfaidh an nochtadh i láthair don chruinniú ná ní bheidh sé á chomhaireamh mar chóram don chruinniú.

## 4. Nochtadh Leasa ag Comhaltaí Boird de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna

Luann Alt 5.4 den Chód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna: “Ní mór do gach comhalta de Bhord ETB agus gach duine a bhfuil post ainmnithe fostaíochta aige laistigh de ETB forálacha ábhartha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 a chomhlíonadh.”

- a) Nochtadh Leasa Thréimhsiúil: Ar cheapachán agus go bliantúil ina dhiaidh sin, ba chóir do gach comhalta boird ráiteas i scríbhinn a thabhairt don Chathaoirleach
  - o ar leasanna an chomhalta boird.
  - o Leasanna a bhfuil fioreolas ag an chomhalta boird orthu ar a c(h)éile nó páirtí sibhialta, leanbh nó leanbh a c(h)éile nó páirtneir sibhialta;

ar féidir tionchar ábhartha a imirt ar chomhalta an bhoird i gcomhlíonadh a fheidhmeanna oifigiúla nó i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna oifigiúla toisc gur

féidir an fheidhmíocht sin difear a dhéanamh don dá leas sin go mbronnfaí an comhalta boird nó go gcoinneofaí siar uaidh, nó céile nó páirt sibhialta nó leanbh, sochar substaintiúil.

- b) **Nochtadh leasa a bhaineann le hábhar a éireoidh:** Chomh maith leis na ráitis leasa tréimhsiúla a cheanglaítear faoi (a) thuas, Ceanglaítear ar chomhaltaí an ráiteas boird leasaithe a chur ar fáil ag an am a bhfuil feidhm oifigiúil le comhlíonadh ag an chomhalta Boird, agus tá a fhios aige/aici go bhfuil leas ábhartha aige/aici, nó ag duine bainteach mar atá sainmhínithe sna hAchtanna um Eitic, i ní lena mbaineann an fheidhm. Chun críocha an nochtá seo, tá an bhrí chéanna le leasanna ábhartha agus atá san Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995.
- c) **Amhras:** Má bhíonn amhras ar chomhalta Boird cibé acu ar cheart leas a nochtadh de bhun an Chóid seo, ba chóir dó/di dul i gcomhairle le Cathaoirleach an Bhoird agus/nó leis an duine ainmnithe san DETB chun déileáil lena leithéid de cheisteanna.
- d) **Clár Rúnda:** Ba cheart don tacaíocht riaracháin don Bhord nó do dhuine ainmnithe eile sonraí leasanna a nochtar faoin gCód seo a choinneáil i gclár speisialta rúnda. Ba cheart go mbeadh rochtain ar an chlár teoranta don Chathaoirleach agus don duine sinsearach tacaíochta riaracháin don Bhord agus do chomhaltaí eile do DETB agus do chomhaltaí boird ar bhonn fóiríochtanach.
- e) **Suimeanna na gCathaoirleach:** I gcás ina n-eascraíonn ábhar a bhaineann le leasanna an Chathaoirligh, roghnóidh na comhaltaí eile a bheidh i láthair ag an chruinniú duine de na comhaltaí a bheidh i láthair ag an chruinniú mar chathaoirleach ar an chruinniú. Ba chóir go mbeadh an Cathaoirleach as láthair nuair a bhíonn ábhar á phlé nó á chinneadh ag an Bhord a bhfuil leas ag an Chathaoirleach nó ag a d(h)uine bainteach.
- f) **Doiciméid a Coinníodh siar:** Níor cheart doiciméid an Bhoird ar aon phlé maidir le haon ábhar inar nocht comhalta den Bhord leas ábhartha a chur ar fáil don chomhalta Boird lena mbaineann.
- g) **Doiciméid a Fhilleadh go Luath:** Toisc go n-aithnítear gur féidir le leasanna comhalta Boird agus daoine a bhfuil baint acu leis nó léi athrú ar ghearrfhógra, ba cheart do chomhalta Boird, i gcásanna ina bhfaigheann sé/sí doiciméid mar chuid d'obair an Bhoird a bhaineann lena leasanna nó a leasanna siúd a bhaineann leis/léi, na doiciméid a chur ar ais chuig an duine sinsearach tacaíochta riaracháin de chuid an Bhoird ag an deis is luaithe.
- h) **As láthair:** Ba chóir go mbeadh comhalta as láthair nuair a bhíonn an Bord ag plé nó ag cinneadh ar ábhair a bhfuil leas ábhartha dearbhaithe ag an chomhalta sin (seachas ina cháil mar chomhalta den Bhord). I gcásanna den sórt sin ba chóir machnamh a dhéanamh ar cheart taifead ar leith a choinneáil (nach mbeadh rochtain ag an chomhalta boird air).
- i) **Éiginnteacht:** I gcás ina n-eascraíonn ceist cibé acu an leas ábhartha nó nach bhfuil leas a dhearbhaíonn comhalta Boird, ba cheart do Chathaoirleach an Bhoird an cheist a chinneadh an bhfuil feidhm ag forálacha an Chóid seo. I gcás ina bhfuil comhalta Boird in amhras an bhfuil oibleagáid air nó uirthi faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001, ba cheart dó nó di comhairle a lorg ón Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí faoi alt 25 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995.